

LE SCAOILEADH: Dé Luain 17/8/20. 07:00

Tá sé fógartha go bhfuil Séamas Ó Concheanainn ceaptha mar Stiúrthóir ar Oifig an Choimisinéara Teanga. Beidh an tUasal Ó Concheanainn i gceannas ar gach gné de reáchtáil na hOifige agus beidh de chúram air leis comhairle a roinnt leis an gCoimisinéir Teanga, Rónán Ó Domhnaill. Beidh Séamas ag feidhmiú ag leibhéal príomhoifigigh sa Státseirbhís, an leibhéal státseirbhísigh is sinsearaí in Oifig an Choimisinéara Teanga.

Tá breis agus scór bliain caite ag Séamas Ó Concheanainn i gceannas ar Ionad Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge i gCarna, agus anuas ar na cúraimí sin tá sé ag feidhmiú freisin ó 2013 mar stiúrthóir ar an tionscadal taighde náisiúnta, Fios Físe, do TG4 agus do RTÉ Raidió na Gaeltachta. Tá taithí fhairsing aige ar thionscnaimh léinn, thaighde agus forbartha pobail a chur chun cinn sa Ghaeltacht agus go náisiúnta. Bhí cothú comhpháirtíochta idir pobal labhartha na Gaeilge, eagraíochtaí stáit agus institiúidí léinn in Éirinn agus thar lear lárnach ina chuid oibre leis an Acadamh. Tagann sé i gcomharbacht ar Cholm Ó Coisdealbha, a ceapadh mar Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha in Údarás na Gaeltachta ag tús na bliana seo.

Dúirt Séamas Ó Concheanainn:

“Tá mé ag súil go mór le bheith ag obair leis an gCoimisinéir Teanga, Rónán Ó Domhnaill, agus le tógáil ar an obair bhreá atá curtha i gcrích ag an gCoimisinéir agus ag foireann na hOifige go dtí seo. Tá ról ceannaireachta ag Oifig an Choimisinéara Teanga i gcinntiú go gcomhlíonann an Stát na dualgais reachtúla teanga atá air sa bhfreastal a dhéanann sé ar phobal labhartha na Gaeilge. Tá comhlíonadh na ndualgas seo cinniúnach do chothú na Gaeilge mar theanga bheo chomhaimseartha sa Ghaeltacht agus go náisiúnta”, a deir Séamas Ó Concheanainn.

Dúirt an Coimisinéir Teanga, Rónán Ó Domhnaill: “Táim thar a bheith sásta go bhfuil duine chomh héifeachtach agus a bhfuil an oiread sin taithí aige ar shaol na Gaeilge agus na Gaeltachta ceaptha mar Stiúrthóir ar Oifig an Choimisinéara Teanga. Táim cinnte gur le fuinneamh mór a thabharfaidh Séamas faoina chuid cúraimí nua agus go mbeidh sé mar chrann taca agamsa agus ag an bhfoireann oibre anseo sna blianta amach romhainn.”

Is ón Spidéal ó dhúchas é Séamas agus tabharfaidh sé faoina chuid cúraimí nua ar an **7 Meán Fómhair**.